Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Eanáir 2025
(OR. en)

14575/24

LIMITE

CORLX 980
CFSP/PESC 1445
MAMA 210

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh 2011/72/CBES maidir le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis |

PUBLIC

# CINNEADH (CBES) 2025/... ÓN gCOMHAIRLE

**an ...**

**lena leasaítear Cinneadh 2011/72/CBES maidir le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Eanáir 2011, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2011/72/CBES[1].

(2) Ar bhonn athbhreithniú ar Chinneadh 2011/72/CBES, ba cheart síneadh a chur leis na bearta sriantacha a leagtar amach ann go dtí an 31 Eanáir 2026.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2011/72/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

1 Cinneadh 2011/72/CBES ón gComhairle an 31 Eanáir 2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis (IO L 28, 2.2.2011, lch. 62, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2011/72(1)/oj).

*Airteagal 1*

In Airteagal 5 de Chinneadh 2011/72/CBES, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 31 Eanáir 2026.'

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Arna dhéanamh sa ..., ...

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

PUBLIC